# Oifigeach Airgeadais & Comhordaithe ar Thograí Eorpacha

**Tá folúntas ag Údarás na Gaeltachta**
**ar bhunús conradh sainchuspóra suas le 3 bliana.**
**Beidh an post lonnaithe in aon cheann d'oifigí Údarás na Gaeltachta**

I gcomhar le páirtnéirí eile Eorpacha, tá Údarás na Gaeltachta páirteach i dtograí éagsúla Eorpacha, ina measc tograí Interreg, Horizon Europe, agus COSME.

**An Ról:**
Mar chuid d'fheidhmiú na dtograí Eorpacha seo, tá post á thairiscint mar Oifigeach Airgeadais agus Comhordaithe ar Thograí Eorpacha ar bhunús conradh sainchuspóra.

**Dualgais:**
Beidh an té a cheapfar freagrach as cuidiú leis an Údarás a chuid cúramaí buiséadú, bainistiú agus tuairisciú airgeadais a chomhlíonadh chomh maith le cuidiú le gníomhaíochtaí eile a bhaineann le feidhmiú éifeachtach na dtograí.

**An Duine:**
Fáilteofar roimh iarratais ó dhaoine a bhfuil na scileanna/tréithe/taithí seo a leanas acu:

- Cáilíocht cuntasaíochta nó tríú leibhéal ábhartha eile
- Taithí thuairisciú airgeadais ar thionscadail mhaoinithe
- Eolas maith ar nósanna imeachta cuntasaíochta agus leabharchoimeád
- Líofacht i labhairt agus scríobh na Gaeilge agus an Bhéarla
- Taithí oibre ábhartha 3 bliana, ar a laghad, tar éis na céime
- Tuiscint agus taithí ar chórais bainistíochta gnó nó riarachán poiblí
- Scileanna ábhartha taighde, anailíse agus réiteach tuairiscí
- Sárscileanna cumarsáide, comhordaithe agus idirphearsanta

Is post ar chonradh sainchuspóra é seo. Tá scála tuarastail ag grád Ard-Oifigeach Feidhmiúcháin idir €55,996 - € 70,522 ag dul leis an bpost seo. Ba chóir d'iarrthóirí a thuiscint go dtosófar ag an bpointe is ísle ar an scála tuarastail agus nach féidir é a phlé agus gur féidir go n-athrófar an scála tuarastail ó am go ham de réir bheartas tuarastail an Rialtais.

Iarrtar ar iarratasóirí CV agus litir chumhdaigh as Gaeilge a sheoladh chuig
foluntais@udaras.ie roimh **4:00in** ar an **Aoine 31 Bealtaine 2024**

*Is fostóir comhionannas é Údarás na Gaeltachta agus*
*is í an Ghaeilge teanga oibre na heagraíochta*